



An Bhruiséil, 5 Deireadh Fómhair 2021
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0289(COD)

12390/21
ADD 1

CODEC 1274
ENV 712
JUR 534
JUSTCIV 147
ONU 88

NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) 1367/2006 maidir le forálacha Choinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, le Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus le Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil a chur i bhfeidhm ar institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail(an chéad léamh) - Glacadh an ghnímh reachtaigh = Ráitis

Ráiteas Comhpháirteach ó Lucsamburg, ón Ostair agus ón Danmhairg

De mheon an chomhréitigh, tá Lucsamburg, an Ostair agus an Danmhairg in ann glacadh leis an gcomhaontú maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) 1367/2006.

Is oth le Lucsamburg, leis an Ostair agus leis an Danmhairg, mar sin féin, nár tugadh aghaidh ar shaincheist na Státchabhrach sa chomhad seo agus gur tugadh isteach forálacha tábhachtacha ag céim an chruinnithe thríthaobhaigh gan measúnú ná anailís chuí a dhéanamh orthu.

Meabhraítear do Lucsamburg, don Ostair agus don Danmhairg go bhfuil Coinbhinsiún Aarhus ina eiseamláir don daonlathas comhshaoil.

Ní mór don Aontas Eorpach agus do na Bhallstáit leanúint d'ardleibhéal uaillmhéine a léiriú i ndáil leis sin, lena n-áirítear i bhfianaise na gcásanna comhlíonta atá ar feitheamh.
